AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.2.2023
COM(2023) 44 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach

## 1. RÉAMHRÁ

Cumhdaítear an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil sa tríú mír d'Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[1] agus in Airteagal 6(3)(c) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Tá sé d'aidhm ag Treoir (AE) 2016/1919 maidir le cúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach[2] (an 'Treoir') an ceart chun triail chóir a fháil in imeachtaí coiriúla a neartú trí rialacha íosta coiteanna a leagan síos maidir leis an gceart chun cúnaimh dhlíthiúil.

Is í an Treoir an séú hionstraim a glacadh faoi Airteagal 82(2)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[3], lena dtugtar an bunús dlí le rialacha íosta maidir le 'cearta daoine aonair sa nós imeachta coiriúil' a ghlacadh. Tá feidhm ag an Treoir in 25 Bhallstát[4].

Ghlac an tAontas Eorpach na cúig threoir eile seo a leanas sa réimse seo:

- an Treoir maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin[5];
- an Treoir maidir leis an gceart chun faisnéise[6];
- an Treoir maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine nuair a chailltear an tsaoirse[7];
- an Treoir maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail[8]; agus
- an Treoir maidir le coimircí nós imeachta do leanaí[9].

Cabhraíonn na treoracha sin le hiontaoibh fhrithpháirteach a fheabhsú agus, tríd an méid sin a dhéanamh, neartaítear prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha eile.

Tá tuarascálacha cur chun feidhme foilsithe cheana féin ag an gCoimisiún Eorpach maidir leis na chéad cheithre threoir[10]. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 10(2) den Treoir

[1] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.
[2] IO L 297, 4.11.2016, lch. 1; ceartúchán: IO L 91, 5.4.2017, lch. 40.
[3] IO C 326, 26.10.2012, lch. 47.
[4] I gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 agus le Prótacal Uimh. 22, faoi seach, níl Éire ná an Danmhairg faoi cheangal ag an Treoir. Dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh iad sa mheasúnú seo.
[5] Treoir 2010/64/AE maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, IO L 280, 26.10.2010, lch. 1.
[6] Treoir 2012/13/AE maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla, IO L 142, 1.6.2012, lch. 1.
[7] Treoir 2013/48/AE maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse, IO L 294, 6.11.2013, lch. 1.
[8] Treoir (AE) 2016/343 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lch. 1.
[9] Treoir (AE) 2016/800 maidir le coimircí nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, IO L 132, 21.5.2016, lch. 1.

ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach.

Tá an tuarascáil seo bunaithe go príomha ar fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún agus iad ag tabhairt fógra faoi bhearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir. Baineann sé leas freisin as faisnéis atá ar fáil go poiblí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[11] agus as staidéir arna maoiniú ag an gCoimisiún ó pháirtithe leasmhara seachtracha[12].

Dírítear an tuarascáil seo ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit chun an Treoir[13] a thrasuí go dtí seo. Déantar measúnú inti an bhfuil an Treoir trasuite go hiomlán agus i gceart ag na Ballstáit agus an mbaineann an reachtaíocht náisiúnta cuspóirí na Treorach amach agus an gcomhlíonann sí ceanglais na Treorach.

Rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmhíniú ar Threoir 2013/48/AE roinnt uaireanta[14]. Tá léirmhíniú den sórt sin ábhartha freisin chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach agus cuireadh san áireamh é sa tuarascáil seo.

## 2. MEASÚNÚ GINEARÁLTA

De réir Airteagal 12 den Treoir, bhí ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 25 Bealtaine 2019. Faoin dáta sin, níor chuir ceithre Bhallstát – an Ghearmáin, an Ghréig, an Chróit agus Málta – gach beart riachtanach in iúl don Choimisiún. Dá thoradh sin, i mí Iúil 2019, sheol an Coimisiún imeachtaí um shárú faoi Airteagal 258 CFAE i gcoinne na mBallstát sin toisc nár chuir sé a mbearta trasuite in iúl. Tá an oibleagáid comhlíonta ag na Ballstáit sin go léir ó shin, agus dúnadh na himeachtaí um shárú.

Tá an cur chuige maidir leis an Treoir a thrasuí éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Thug roinnt Ballstát bearta reachtacha sonracha isteach lenar trasuíodh na cearta faoin Treoir go sainráite in éineacht le bearta cur chun feidhme dlíthiúla nó praiticiúla eile. Mheas Ballstáit eile go

[10] COM(2018) 857 final, COM(2018) 858 final, COM(2019) 560 final agus COM(2021) 144 final.

[11] Staidéar a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Cearta sa chleachtas: an ceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir agus cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach.* Ar fáil ag Cearta sa chleachtas: *an ceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir agus cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach* (europa.eu).

[12] Féach mar shampla an tionscadal arna chomhordú ag Coiste Heilsincí na hUngáire maidir leis an gceart chun dlíodóra agus chun cúnaimh dhlíthiúil in imeachtaí coiriúla i gcúig dhlínse Eorpacha, an tuarascáil chomparáideach atá ar fáil ar Right to lawyer and legal aid COMPARATIVE REPORT 2018.pdf (helsinki.hu), agus an tionscadal faoi stiúir Institiúid Dlí na Liotuáine, 'Enhancing the quality of Legal Aid: Common Standards for Different Countries', faisnéis atá ar fáil ar Enhancing the quality of Legal Aid: Common Standards for Different Countries | LTI (teise.org).

[13] D'eagraigh an Coimisiún dhá chruinniú saineolaithe le hionadaithe ó na Ballstáit i mí Eanáir agus i mí Dheireadh Fómhair 2018 chun obair na mBallstát maidir le trasuí agus cur i bhfeidhm na Treorach a phlé agus a éascú.

[14] Féach go háirithe breithiúnais an 5 Meitheamh 2018, *Kolev and Others*, C-612/15; an 19 Meán Fómhair 2019, *Rayonna prokuratura Lom*, C-467/18; agus an 12 Márta 2020, *VW*, C-659/18.

raibh na bearta a bhí acu cheana féin i gcomhréir tríd is tríd le ceanglais na Treorach, agus nár ghlac siad aon bhearta trasuí sonracha.

Cé go ndéantar an easpa forálacha trasuite tiomnaithe a leigheas go pointe áirithe ar a laghad uaireanta trí bhíthin bearta praiticiúla cur chun feidhme agus cásdlí, ní hamhlaidh atá i gcónaí. I roinnt Ballstát (22), dá bhrí sin, ní leor forálacha náisiúnta chun príomhfhorálacha áirithe den Treoir a chomhlíonadh go hiomlán. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina bhfuil raon feidhme na mbeart náisiúnta níos cúinge ná mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Treoir (lena mbaineann 11 Bhallstát).

Nochtadh sa mheasúnú ar chomhlíonadh easnamh eile in 22 Bhallstát freisin, go háirithe maidir leis an gceanglas cúnamh dlíthiúil a dheonú gan moill mhíchuí, agus ar a dhéanaí sula ndéantar ceistiú nó gníomhartha imscrúdaitheacha nó gníomhartha bailithe fianaise.

Déanann mainneachtain den sórt sin forálacha uile na Treorach a chomhlíonadh difear diúltach d'éifeachtacht na gceart faoin Treoir. Déanfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí chun na heasnaimh uile a sainaithníodh a leigheas, lena n-áirítear trí imeachtaí um shárú a thionscnamh de bhun Airteagal 258 CFAE.

# 3. POINTÍ SONRACHA MEASÚNAITHE

## 3.1. Raon Feidhme (Airteagal 2)

Leagtar amach in Airteagal 2(1) raon feidhme chur i bhfeidhm cheanglais na Treorach. Tá feidhm ag an Treoir maidir le daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a bhfuil an ceart acu chun rochtain a fháil ar dhlíodóir de bhun Threoir 2013/48/AE agus lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) chaill siad an tsaoirse;

(b) éilítear go bhfaighidh siad cúnamh ó dhlíodóir i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta; nó

(c) ceanglaítear orthu nó tugtar cead dóibh freastal ar ghníomh imscrúdaitheach nó ar ghníomh bailithe fianaise, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas:

- (i) paráidí aitheantais;
- (ii) achrainn;
- (iii) athchruthuithe láthair coire.

I roinnt Ballstát (14), tá bearta náisiúnta a thugann éifeacht do chearta na Treorach i gcomhréir leis an Treoir, cé go mb'fhéidir nach dtrasuífear Airteagal 2(1) go sainráite leo. Mar sin féin, sainaithníodh saincheisteanna maidir le comhlíonadh i ndlíthe náisiúnta 11 Bhallstát. Tá saincheisteanna maidir le comhlíonadh a bhaineann le trasuí Airteagal 2(1) an-tromchúiseach toisc gur minic a bhíonn tionchar acu freisin ar raon feidhme na bhforálacha náisiúnta lena gcuirtear cearta sonracha chun feidhme faoin Treoir. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás nach n-aithnítear ar an leibhéal náisiúnta mar a thuigtear leis an Treoir daoine a bhfuil drochamhras fúthu, i gcás nach bhfuil cúnamh dlíthiúil ar fáil go dtí go

n-eisítear cúiseamh foirmiúil, nó i gcás nach gcumhdaíonn dlíthe náisiúnta gach cineál caillte saoirse ar cheart cúnamh dlíthiúil a dheonú lena linn sin.

Foráiltear le hAirteagal 2(2) den Treoir go mbeidh feidhm ag cearta na Treorach maidir le daoine iarrtha a bhfuil an ceart acu chun rochtain a fháil ar dhlíodóir de bhun Threoir 2013/48/AE tráth a ngabhála sa Bhallstát forghníomhaitheach. Sainaithníodh saincheisteanna maidir le comhlíonadh in 12 Bhallstát toisc gur mhainnigh siad an ceanglas 'tráth na gabhála' a thrasuí.

As na Ballstáit ar fad, bhain seacht mBallstát úsáid as an rogha mionchionta a eisiamh ó raon feidhme na mbeart trasuite (Airteagal 2(4) den Treoir). I gcás dhlí náisiúnta fhormhór na mBallstát (5) a bhain úsáid as an rogha seo, cé go gcomhlíonann sé na teorainneacha a shonraítear sa Treoir, is cosúil nach bhfuil dlí náisiúnta dhá Bhallstát go hiomlán comhlíontach.

## 3.2. Sainmhíniú (Airteagal 3)

In Airteagal 3 den Treoir, sainmhínítear cúnamh dlíthiúil chun críocha na Treorach mar chistiú ó Bhallstát le haghaidh cúnamh dlíodóra, lena bhféadfar an ceart a fheidhmiú chun rochtain a fháil ar dhlíodóir. Luaitear in aithris 8 den Treoir gur cheart do chúnamh dlíthiúil na costais a bhaineann le cosaint daoine atá faoi dhrochamhras, daoine cúisithe agus daoine iarrtha a chumhdach, agus cúnamh dlíthiúil á dheonú acu, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith in ann a cheangal ar dhaoine atá faoi dhrochamhras, daoine cúisithe agus daoine iarrtha cuid de na costais sin a sheasamh iad féin, ag brath ar a n-acmhainní airgeadais.

Sa bhreis ar an méid a luaitear in aithris 8, ní thugtar aghaidh go díreach leis an Treoir ar an tsaincheist maidir le costais cúnaimh dlíthiúil a ghnóthú, cé go bhfuil sí ábhartha. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, is féidir le forálacha náisiúnta maidir le gnóthú costas tionchar a bheith acu ar mheasúnú ar cheanglais shonracha na Treorach maidir leis an tráth a dhéantar an cinneadh a mhéid a bhaineann le cúnamh dlíthiúil nó maidir le deimhneacht dhlíthiúil.

As na Ballstáit ar fad, cumasaíonn 19 gcinn díobh gnóthú costas i gcás sonrach amháin nó níos mó, mar shampla:

- in 12 Bhallstát, i gcás ciontú, agus aird chuí á tabhairt ar staid airgeadais agus/nó teaghlaigh an duine nó fiú beag beann ar an staid sin, nó i gcás ina bhfoirceanntar na himeachtaí coiriúla mar gheall ar imthosca nach saorann an duine, mar shampla, dul in éag reacht na dtréimhsí, nó ilphardún;
- in ocht mBallstát, i gcás ina dtagann sé chun solais nach raibh an duine i dteideal cúnaimh dhlíthiúil, gur sholáthair sé ráitis bhréagacha, gur mhainnigh sé comhoibriú nó gur bhain sé mí-úsáid as cúnamh dlíthiúil, nó nár thug sé fógra do na húdaráis nach ann do na forais chun cúnamh dlí a dheonú a thuilleadh, nó i gcás inar tabhaíodh costais chúnaimh dhlíthiúil le faillí; agus
- i gceithre Bhallstát, inar tháinig feabhas ar an staid airgeadais atá ag tairbhí an chúnaimh dhlíthiúil.

## 3.3. Cúnamh dlíthiúil in imeachtaí coiriúla (Airteagal 4)

Le hAirteagal 4(1) agus (2) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine cúisithe nuair nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun íoc as cúnamh ó dhlíodóir (tástáil acmhainne) agus/nó nuair is gá sin ar mhaithe le leas an cheartais (tástáil fiúntais). Fágann sé sin rogha áirithe ag na Ballstáit. I bprionsabal, féadfaidh siad struchtúr a gcóras cúnaimh dhlíthiúil éagsúil a choimeád fad is nach gcuirfidh cur i bhfeidhm a rialacha náisiúnta ábhartha teorainn leis na cearta agus na coimircí nós imeachta a áirithítear faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, nó nach maolaítear orthu, mar a léirigh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (aithris 17, an abairt dheireanach, den Treoir).

Luaitear an méid seo a leanas in aithris ghaolmhar 18 den Treoir: 'Ba cheart do na Ballstáit socruithe praiticiúla a leagan síos maidir le cúnamh dlíthiúil a sholáthar. D'fhéadfaí a chinneadh le socruithe den sórt sin go ndeonaítear cúnamh dlíthiúil tar éis iarraidh a fháil ó dhuine atá faoi dhrochamhras, duine cúisithe nó duine iarrtha. I bhfianaise riachtanais daoine leochaileacha go háirithe, níor cheart iarraidh den sórt sin a bheith ina coinníoll substainteach, áfach, chun cúnamh dlíthiúil a dheonú.'

Fuarthas amach go n-éilíonn trí Bhallstát go gcuirfear iarraidh fhoirmiúil ar chúnamh dlíthiúil isteach, agus ní chuireann siad aon rogha ar fáil chun cúnamh dlíthiúil a dheonú *ex officio*. Dá bhrí sin, is féidir an éifeacht a bheith ann mar gheall ar an gceanglas iarraidh fhoirmiúil a chur isteach sna Ballstáit sin gurb ann do choinníoll substainteach maidir le cúnamh dlí a dheonú de réir bhrí aithris 18 den Treoir. Mar sin féin, i gceann amháin de na Ballstáit sin, maolaítear é sin toisc go n-áirithítear leis an dlí náisiúnta go gcuirfidh na húdaráis choiriúla an duine lena mbaineann ar an eolas faoina gceart chun cúnaimh dhlíthiúil agus toisc gur féidir leis an gcumann náisiúnta barra costais agus táillí a airleacan go dtí go ndéanfar cinneadh foirmiúil.

Cé nach gcuireann cúig Bhallstát ach tástáil acmhainne i bhfeidhm, agus nach gcuireann trí Bhallstát ach tástáil fiúntais i bhfeidhm, cuireann 16 Ballstát tástáil acmhainne agus tástáil fiúntais araon i bhfeidhm. As na Ballstáit ar fad, níor fheidhmigh Ballstát amháin an rogha an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil a chur faoi réir tástáil acmhainne nó tástáil fiúntais. Dá thoradh sin, tá an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil neamhchoinníollach agus níor thrasuigh an Ballstát Airteagal 4(2), (3) agus (4) toisc nach bhfuil sé infheidhme sa chomhthéacs náisiúnta.

In 19 mBallstát a bhfuil tástáil acmhainne á cur i bhfeidhm iontu, is cosúil go gcomhlíonann an dlí Airteagal 4(3) den Treoir, lena gceanglaítear ar na Ballstáit sin na tosca ábhartha agus oibiachtúla uile a chur san áireamh, mar shampla, ioncam, caipiteal agus staid teaghlaigh an duine lena mbaineann, chomh maith leis na costais a bhaineann le cúnamh dlíodóra agus an caighdeán maireachtála sa Bhallstát, chun a chinneadh an bhfuil easpa acmhainní leordhóthanacha ag duine atá faoi dhrochamhras nó duine cúisithe, i gcomhréir leis na critéir is infheidhme sa Bhallstát sin, chun íoc as cúnamh dlíodóra. Na Ballstáit a bhfuil tástáil acmhainne á cur i bhfeidhm acu, baineann siad úsáid as critéir éagsúla chun incháilitheacht do chúnamh dlíthiúil a chinneadh. As na Ballstáit ar fad, tá 9 gcinn acu ag brath ar chlásail

ghinearálta, mar shampla tagairtí ginearálta do staid shocheacnamaíoch nó airgeadais an iarratasóra, rud a fhágann go bhfuil níos mó solúbthachta ann. Os a choinne sin, tá forálacha níos mionsonraithe leagtha síos ag 12 acu lena socraítear critéir shonracha agus/nó tairseach sheasta. Ní chomhlíonann bearta náisiúnta Airteagal 4(3) den Treoir go hiomlán ach in dhá Bhallstát a bhfuil tástáil acmhainne á cur i bhfeidhm acu. I gceann de na Ballstáit sin, is é is cúis leis sin toimhde go bhfuil ioncam os cionn na tairsí chun rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil ag catagóirí áirithe daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe. Eisiann toimhde den sórt sin freisin go bhféadfaí cúnamh dlíthiúil a dheonú in imeachtaí dlí amach anseo, gan beann ar chineál na n-imeachtaí sin agus ar stádas nós imeachta an duine lena mbaineann. Ar an taobh eile, is é is cúis le neamhchomhlíonadh Airteagal 4(3) nach ann do chritéir shonracha chun measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an duine lena mbaineann, mar aon leis an bhfíoras nach gcuirtear an tástáil acmhainne i bhfeidhm ach amháin ag deireadh na n-imeachtaí agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na costais a d'fhéadfaí a ghnóthú.

Leis an gcéad abairt d'Airteagal 4(4) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a bhfuil tástáil fiúntais á cur i bhfeidhm acu aird a thabhairt ar thromchúis an chiona choiriúil, castacht an cháis agus déine an smachtbhanna atá i gceist, d'fhonn a chinneadh an gá cúnamh dlíthiúil a dheonú ar mhaithe leis an gceartas. As na Ballstáit ar fad a bhfuil tástáil fiúntais á cur i bhfeidhm acu, tá critéir shonracha leagtha síos ag seacht mBallstát le haghaidh tástálacha den sórt sin i gciall chruinn an téarma. Tá córais um chosaint éigeantach ag formhór mór (18) na mBallstát a chuireann tástáil fiúntais i bhfeidhm, ar córais iad arb é atá iontu tástáil fiúntais mar a luaitear i ndáil le hAirteagal 2(1)(b) den Treoir (féach Roinn 3.1 den tuarascáil seo). Tá tagairtí ginearálta do 'ar mhaithe leis an gceartas' i ndlíthe náisiúnta cúig Bhallstát freisin, ach ní bhraitheann ach Ballstát amháin a bhfuil tástáil fiúntais á cur i bhfeidhm aige ar thagairt ghinearálta den sórt sin amháin. Sa Bhallstát sin, cuireann an chúirt an critéar 'ar mhaithe leis an gceartas' i bhfeidhm ar bhealach lánroghnach, ag brath ar imthosca an cháis. Mar sin féin, is é fírinne an scéil i gcás ina gcomhlíonann daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe ceanglais na tástála acmhainne, measfaidh an chúirt go huathoibríoch – de réir tuarascálacha ó pháirtithe leasmhara – gur ar mhaithe leis an gceartas é cúnamh dlíthiúil a dheonú agus dá bhrí sin measfaidh sí go sásófar ceanglais na tástála fiúntais freisin.

Liostaítear sa dara habairt d'Airteagal 4(4) den Treoir cásanna nach mór a mheas gur comhlíonadh ceanglais na tástála fiúntais, is é sin:

(a) i gcás ina dtugtar duine atá faoi dhrochamhras nó duine cúisithe os comhair cúirte inniúla nó os comhair breitheamh inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le coinneáil ag aon chéim de na himeachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach; agus

(b) le linn coinneála.

Sna 11 Bhallstát a bhfuil tástáil fiúntais á cur i bhfeidhm acu, sainaithníodh saincheisteanna comhlíontachta a bhaineann go príomha le pointe (a) thuas. Baineann na saincheisteanna sin go príomha le cásanna ina ndéantar cinneadh maidir le hathchuir faoi choimeád nuair nach bhfuil an tsaoirse caillte ag duine. Sainaithníodh saincheisteanna comhlíontachta freisin, áfach, i gcásanna inar ghlac na póilíní duine faoi choimeád cheana féin.

Le hAirteagal 4(5) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndeonófar cúnamh dlíthiúil gan moill mhíchuí, agus ar a dhéanaí sula ndéanfaidh na póilíní, údarás forfheidhmithe dlí eile nó údarás breithiúnach an duine a cheistiú, nó sula ndéanfar na gníomhartha imscrúdaitheacha nó na gníomhartha bailithe fianaise dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c) den Treoir a chur i gcrích. Sa chomhthéacs sin, tugtar faoi deara go ndéanann 14 Bhallstát foráil maidir le cúnamh dlíthiúil sealadach nó éigeandála. Mar sin féin, in 22 Bhallstát, sainaithníodh saincheisteanna maidir le comhlíonadh i ndáil le hAirteagal 4(5). I roinnt de na Ballstáit sin (17), féadfar rochtain ar dhlíodóir a dheonú go tráthúil (Treoir 2013/48/AE a chur i bhfeidhm), ach ní dhéantar foráil go soiléir maidir leis an gceart chun cúnaimh dhlíthiúil (sealadach) mar a leagtar síos in Airteagal 4(5) den Treoir. Baineann saincheisteanna comhlíontachta den sórt sin le trasuí mícheart raon feidhme na Treorach agus leis an uainiú lena ndeonaítear cúnamh dlíthiúil, i gcoitinne agus i gcásanna sonracha. Ina theannta sin, sainaithníodh saincheisteanna comhlíontachta nuair a leagtar síos iarraidh fhoirmiúil a chur isteach mar choinníoll substainteach maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú.

## 3.4. Cúnamh dlíthiúil in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (Airteagal 5)

Le hAirteagal 5(1) den Treoir ceanglaítear ar na Ballstáit a fhorghníomhaíonn barántas gabhála Eorpach a áirithiú go bhfuil an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil ag daoine iarrtha faoi bharántas gabhála Eorpach tráth na gabhála sa Bhallstát sin go dtí go dtabharfar suas iad nó go dtí go mbeidh an cinneadh gan iad a thabhairt suas ina chinneadh críochnaitheach.

As na Ballstát ar fad, tá 5 cinn acu tar éis an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil do dhaoine iarrtha faoi bharántas gabhála Eorpach a thrasuí go sainráite trí fhorálacha sonracha neamhspleácha a leagan síos. Os a choinne sin, braitheann reachtaíocht fhormhór mór (20) na mBallstát ar chrostagairtí d'fhorálacha ginearálta maidir le cúnamh dlíthiúil in imeachtaí coiriúla.

Sainaithníodh saincheisteanna comhlíontachta i ndáil le hAirteagal 5(1) den Treoir i gcás 15 Bhallstát agus is é is cúis go príomha leis an mainneachtain an ceanglas 'tráth na gabhála' mar a luaitear roimhe seo i ndáil le hAirteagal 2(2) a thrasuí (féach Roinn 3.1 den tuarascáil seo). Saincheisteanna eile comhlíontachta a tugadh faoi deara i sé Bhallstát, tá baint acu le rialacha náisiúnta, a fhágann go bhfuil deonú cúnaimh dhlíthiúil coinníollach ar iarraidh fhoirmiúil, nó le trasuí mícheart na dteorainneacha ama i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú, rud a chiallaíonn i ndáiríre, cé go bhféadfadh ceart chun cúnaimh dhlíthiúil a bheith ann i bprionsabal tráth na gabhála, nach ráthófaí an méid sin go dtí go ndéanfar cinneadh.

De réir Airteagal 5(2), ní mór do Bhallstáit a eisíonn barántas gabhála Eorpach a áirithiú go mbeidh an ceart chun cúnamh dlíthiúil a fháil ag daoine iarrtha sa Bhallstáit a eisíonn barántas gabhála Eorpach chun críche imeachtaí den sórt sin sa Bhallstát forghníomhaitheach, ar daoine iarrtha iad atá faoi réir imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach chun críche ionchúisimh choiriúil a sheoladh agus a fheidhmíonn a gceart dlíodóir a cheapadh sa Bhallstát sin chun cúnamh a thabhairt don dlíodóir sa Bhallstát a fhorghníomhaíonn an barántas gabhála Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus (5) de Threoir 2013/48/AE maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir. Ní chomhlíonann reachtaíocht

náisiúnta in 12 Bhallstát Airteagal 5(2) den Treoir go hiomlán mar gheall ar easpa forálacha sonracha lena dtugtar éifeacht do cheanglas na Treorach nó mar gheall ar easpa crostagairtí soiléire lena leathnaítear cur i bhfeidhm forálacha maidir le himeachtaí coiriúla nó cúnamh dlíthiúil chun imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach a chumhdach.

Foráiltear le hAirteagal 5(3) den Treoir go bhféadfaidh an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2) a bheith faoi réir tástáil acmhainne i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Treoir, a bhfuil feidhm aige *mutatis mutandis*. Ní bheartaítear leis an bhforáil sin, áfach, go bhféadfaí tástáil fiúntais a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Treoir. Roghnaigh níos mó ná leath de na Ballstáit (15) tástáil acmhainne a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 5(3). Mar sin féin, eascraíonn saincheisteanna comhlíontachta a tugadh faoi deara i gceithre Bhallstát as an méid seo a leanas: (i) tástáil fiúntais a chur i bhfeidhm i dteannta tástáil acmhainne; (ii) easpa soiléireachta má tá feidhm ag tástáil acmhainne agus aici sin amháin; (iii) nó easnaimh i dtrasuí Airteagal 4(3) den Treoir a mbíonn tionchar acu freisin ar chomhlíonadh Airteagal 5(3) den Treoir ag an reachtaíocht náisiúnta (féach Roinn 3.3 den tuarascáil seo).

## 3.5. Cinntí maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú (Airteagal 6)

Le hAirteagal 6(1) den Treoir, ceanglaítear nach mór d'údarás inniúil cinntí a dhéanamh maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú nó gan é a dheonú agus dlíodóirí cúnaimh dhlíthiúil a shannadh, gan moill mhíchuí. Ní mór do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh freisin chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás inniúil a chinntí go dícheallach, agus cearta na cosanta á n-urramú.

Mínítear in aithris 24 den Treoir gur cheart don údarás inniúil a bheith ina údarás neamhspleách atá inniúil chun cinntí a dhéanamh maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú, nó a bheith ina cúirt, lena n-áirítear breitheamh ina shuí ina aonar. I gcásanna práinneacha, áfach, ba cheart go bhféadfadh na póilíní agus an tseirbhís ionchúisimh poiblí a bheith rannpháirteach go sealadach a mhéid is gá sin chun cúnamh dlíthiúil a dheonú go tráthúil.

I bhformhór na mBallstát (23), is cúirt nó breitheamh agus/nó oifigí um chúnamh dlíthiúil iad a dhéanann cinntí maidir le cúnamh dlí a dheonú. Is iondúil go sanntar dlíodóirí cúnaimh dhlíthiúil aonair i gcomhar leis na cumainn dlíodóirí náisiúnta (an barra de ghnáth). Sanntar dlíodóirí ar bhonn liostaí nó clárlanna leictreonacha de dhlíodóirí cúnaimh dhlí a sholáthraíonn nó a bhainistíonn comhlachais dlíodóirí nó dlíodóirí cúnaimh dhlí a shanntar do chásanna aonair. In dhá Bhallstát, is iad na cumainn náisiúnta barra agus a gcomhaltaí a eagraíonn cúnamh dlíthiúil ina iomláine. Ar an taobh eile, i gceithre Bhallstát, níl baint dhíreach ag cumainn bharra.

I sé Bhallstát, is féidir le póilíní agus ionchúisitheoirí a bheith rannpháirteach sa chinneadh maidir le cúnamh dlí: (i) i gcineálacha sonracha nó i gcéimeanna sonracha imeachtaí; (ii) in imthosca sonracha, mar shampla cailleadh saoirse duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe; (iii) nuair atá feidhm ag cosaint éigeantach; nó (iv) i ndáil le cineálacha áirithe cúnaimh dhlí.

I níos mó ná leath de na Ballstáit (15), sainaithníodh saincheisteanna a mhéid a bhaineann le trasuí Airteagal 6(1) den Treoir. Baineann na saincheisteanna sin go príomha le huainiú an chinnidh maidir le cúnamh dlí (saincheisteanna a bhaineann le trasuí Airteagal 4(5) den Treoir a bhfuil tionchar aige sin freisin ar thrasuí Airteagal 6(1) den Treoir) agus/nó leis an gceanglas nach mór d'údarás inniúil an cinneadh a dhéanamh.

I gcúig Bhallstát, sainaithníodh saincheisteanna comhlíontachta maidir le hAirteagal 6(2) den Treoir, ina sonraítear nach mór daoine atá faoi dhrochamhras, daoine cúisithe agus daoine iarrtha a chur ar an eolas i scríbhinn má dhiúltaítear a n-iarraidh ar chúnamh dlí ina iomláine nó i bpáirt.

## 3.6. Cáilíocht na seirbhísí cúnaimh dlí agus na hoiliúna (Airteagal 7)

Le hAirteagal 7(1) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear bearta maidir le cistiú, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) córas éifeachtach cúnaimh dhlíthiúil a bheith ann atá ar cháilíocht leordhóthanach; agus

(b) seirbhísí cúnaimh dlíthiúil a bheith ar cháilíocht leordhóthanach chun cothroime na n-imeachtaí a chosaint, agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ghairm an dlí.

Is ceist maidir le cur chun feidhme praiticiúil é ceanglas na Treorach freisin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh trasuí de dhíth ar an gceanglas sin i gcónaí dá ndéanfaí bearta reachtacha, má tá creat dlíthiúil iomchuí ann. I dtrí Bhallstát, áfach, ní fhéadfaí aon riail shonrach a shainaithint sa dlí náisiúnta lena dtugtar éifeacht d'Airteagal 7(1) den Treoir. Thángthas ar shaincheisteanna freisin in 11 Bhallstát a bhfuil bearta sonracha déanta acu i ndáil le hAirteagal 7(1) den Treoir. Baineann na saincheisteanna sin go príomha le tearcmhaoiniú an chórais cúnaimh dhlíthiúil, na táillí níos ísle a íoctar le dlíodóirí cúnaimh dhlíthiúil nó neamhdhóthanacht na gcóras roghnúcháin do dhlíodóirí cúnaimh dhlíthiúil, rud a bhféadfadh impleachtaí diúltacha a bheith aige ar cháilíocht an chúnaimh dhlíthiúil. Ní gá ach oiread gur leor córais speisialta chreidiúnúcháin nó roghnúcháin le haghaidh dlíodóirí cúnaimh dhlíthiúil a bunaíodh i gceithre Bhallstát chun cáilíocht na seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil a áirithiú.

Ní dhearna formhór na mBallstát forálacha Airteagal 7(2) (23 Bhallstát) agus (3) (18 mBallstát) den Treoir a thrasuí go sonrach maidir le hoiliúint a chur ar bhaill foirne a bhfuil baint acu le cinnteoireacht maidir le cúnamh dlí agus dlíodóirí. Ní fhéadfaí ach bearta ábhartha de chineál ginearálta a shainaithint den chuid is mó. Mar a léirítear thuas, ní gá go mbeadh bearta sonracha trasuite le haghaidh na míreanna sin ag teastáil agus d'fhéadfaí a gcur chun feidhme a áirithiú sa chleachtas.

Le hAirteagal 7(4) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras, daoine cúisithe agus daoine iarrtha, arna iarraidh sin dóibh, an dlíodóir a sholáthraíonn seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil atá sannta dóibh a ionadú, i gcás ina bhfuil údar leis sin de bharr na gcúinsí sonracha. Sainaithníodh saincheisteanna ábhartha maidir le comhlíonadh in 11 Bhallstát. I gcúig cinn de na Ballstáit sin, ní fhéadfaí aon bheart trasuite sainráite a shainaithint, ach d'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag forálacha maidir le saor-rogha dlíodóirí, maidir leis an ngaol idir cliaint agus dlíodóirí, agus maidir le

hiompar gairmiúil agus eiticiúil dlíodóirí. I sé Bhallstát, tá na saincheisteanna comhlíontachta nasctha le raon feidhme níos teoranta na bhforálacha náisiúnta nó le heaspa soiléireachta dlíthiúla.

## 3.7. Leigheasanna (Airteagal 8)

Le hAirteagal 8 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh leigheas éifeachtach faoin dlí náisiúnta ag daoine atá faoi dhrochamhras, daoine cúisithe agus daoine iarrtha i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir.

As na Ballstáit ar fad, déanann 11 Bhallstát foráil maidir le leigheasanna sonracha le haghaidh sáruithe ar an gceart chun cúnaimh dhlíthiúil, agus bíonn 14 Bhallstát ag brath ar leigheasanna ginearálta amháin le haghaidh sáruithe ar chearta nós imeachta. Sna Ballstáit sin a bhfuil leigheasanna sonracha acu, tá leigheasanna ginearálta le haghaidh sáruithe ar chearta na cosanta ar fáil freisin.

## 3.8. Daoine leochaileacha (Airteagal 9)

Sonraítear in Airteagal 9 den Treoir nach mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear riachtanais ar leith daoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras, daoine cúisithe agus daoine iarrtha san áireamh i gcur chun feidhme na Treorach.

Ní amháin i gcásanna leanaí freisin, i roinnt Ballstát (18), cuirtear leochaileachtaí sonracha eile san áireamh agus is iondúil go mbíonn siad incháilithe go huathoibríoch do chúnamh dlíthiúil. Is minic a bhaineann sé sin le daoine a bhfuil éagumais/míchumais fhisiciúla nó mheabhracha acu, daoine a bhfuil amhras orthu maidir lena gcumas iad féin a chosaint, nó daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Ba cheart a chur san áireamh freisin, mar shampla, gur iarrthóir tearmainn, duine easáitithe, mionaoiseach neamhthionlactha, eachtrannach nó duine nach labhraíonn nó nach dtuigeann teanga an Bhallstáit ina bhfuil na himeachtaí á reáchtáil.

# 4. CONCLÚID

Bhí sé d'aidhm na Treorach feabhas a chur ar chur i bhfeidhm éifeachtach an chirt chun cúnaimh dhlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach. Ar an iomlán, tá breisluach AE curtha ar fáil leis an Treoir tríd an leibhéal cosanta do dhaoine a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla a ardú.

Mar sin féin, cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil seo go bhfuil roinnt deacrachtaí fós ann maidir le forálacha tábhachtacha na Treorach a chur chun feidhme. Is fíor sin go mór mór maidir le bearta náisiúnta nach gcumhdaíonn raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach (Airteagal 2

den Treoir) agus maidir le heasnaimh a bhaineann le cúnamh dlí a dheonú go tráthúil (Airteagal 4(5), Airteagal 5(1) agus Airteagal 6(1) den Treoir).

Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach ag na Ballstáit agus déanfaidh sé gach beart iomchuí chun comhréireacht le forálacha na Treorach a áirithiú ar fud an Aontais.